# Gníomhaíochtaí do **Theicneolaíocht Fheidhmeach** na Sraithe Sóisearaí

Gníomhaíochtaí ranga don seomra ranga ina mbíonn scaradh sóisialta i bhfeidhm don scoilbhliain 2020/2021

CC BY NC

# Intreoir

Is sainseirbhís tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna í an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL). Tá sé mar aidhm ag an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí múinteoirí a spreagadh, a chothú agus a chumhachtú san athrú ó bhonn atá tagtha ar oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn. Is í an tsainfhoireann Teicneolaíochtaí laistigh den SSM, ar a dtugtar JCt4 go coitianta, atá freagrach as ceithre hábhair na dTeicneolaíochtaí sa tSraith Shóisearach (Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic agus Teicneolaíocht Adhmaid).

I bhforbairt na hacmhainne seo, tá sé mar aidhm ag foireann JCt4 eispéiris shaibhre foghlama a chruthú chun sonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí a chomhlánú, go háirithe sa chomhthéacs níos leithne do scoláirí agus do mhúinteoirí atá ag filleadh ar scoil agus nósanna imeachta COVID-19 i bhfeidhm. Níl le húsáid ar bhealach líneach a dearadh na hacmhainní a cruthaíodh, ach chun cabhrú le heispéiris foghlama a chruthú a oibríonn do scoileanna aonair ina gcomhthéacs aonair. Moltar naisc fhéideartha le hábhair eile agus an fhéidearthacht chun iniúchadh a dhéanamh ar na hábhair sin i réimsí foghlama eile laistigh den tSraith Shóisearach ó thús deireadh agus arís eile, iarrtar ar mhúinteoirí na naisc seo a chur in oiriúint agus a iniúchadh chun freastal ar riachtanais a gcuid scoláirí agus ar chomhthéacs a scoile féin.



Agus tú ag fiosrú na hacmhainne seo, féadfaidh tú naisc fhéideartha a aithint le hábhair eile agus an deis chun na hábhair seo a fhiosrú i réimsí foghlama eile laistigh den tSraith Shóisearach. Ar mhiste leat an taithí a bhíonn agat ar na hacmhainní seo a úsáid a chur in iúl dúinn ar na meáin shóisialta trí **JCt4ed** agus **@JCforTeachers** .

# Clár


Leathanach 1 — Na túsphointí don fhoghlaim a aithint

Leathanach 2 — Ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim

Leathanach 3 — Cuir chuige foghlama

Leathanach 4 — Príomhscileanna

Leathanach 5 — Mé Féin a Bhainistiú

Leathanach 6 — Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú

Leathanach 7 — Fanacht Folláin

Leathanach 8 — Theicneolaíocht Fheidhmeach gníomhaíochtaí ranga

Leathanach 9 — Seift saoil (molta don Chéad Bhliain)

Leathanach 13 — Mealladh turasóireachta a chur chun cinn (molta don Dara bliain)

Leathanach 20 — Cumarsáid (molta don Dara bliain)





*Príomhdhoiciméid atá mar bhonn agus mar thaca ag an acmhainn seo*

# Na túsphointí don fhoghlaim a aithint

Beidh riachtanais éagsúla ag scoláirí agus iad ag filleadh ar an scoil agus beidh ar mhúinteoirí a bheith aireach faoi eispéiris foghlama a sholáthar a shásaíonn na riachtanais sin. Dá bhrí sin, beidh múinteoirí san airdeall faoin bpointe ag a bhfuil a scoláirí; beidh orthu am a ghlacadh chun riachtanais na scoláirí a mheas, agus b’fhéidir go mbeadh orthu agus go mba mhian leo an fhoghlaim a tharla roimhe seo a athdhaingniú sula gcuirfear foghlaim nua i láthair. Beidh cur chuige a thógann ar láidreachtaí na scoláirí ríthábhachtach sa chomhthéacs seo. Ina leith sin, seo a leanas roinnt ceisteanna tábhachtacha do scoileanna:




**Arna curtha in oiriúint ó Leathanaigh 13 agus 14**

An bhfuil múinteoirí tar éis machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn sa bhfoghlaim atá déanta ag a scoláirí?

An bhfuil múinteoirí tar éis raon bearta measúnuithe foirmithigh a aithint chun an dul chun cinn atá déanta ag scoláirí a mheas?

An bhfuil ranna ábhar tar éis sonraíochtaí ábhar agus/nó siollabais a athbhreithniú agus torthaí foghlama a aithint a bheidh mar thosaíochtaí nuair a fhilltear ar scoil?

Ar aithníodh deiseanna don fhoghlaim traschuraclaim agus an bhfuiltear tar éis pleanáil go comhoibríoch chun na torthaí foghlaimeora a uasmhéadú?



# Ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim

Beidh cinntí lárnacha á ndéanamh ag múinteoirí, agus iad ag tógáil ar mheasúnú ar fhoghlaim na scoláirí mar atá leagtha amach thuas, faoina bhfoghlaimíonn scoláirí, an tord ina bhfoghlaimíonn siad, an luas ag a bhfoghlaimíonn siad, agus na gníomhaíochtaíagus na heispéiris trína bhfoghlaimíonn siad. Is iad na múinteoirí agus na scoileanna isfearr a dhéanfaidh na cinntí seo agus a chuirfidh breithiúnas gairmiúil agusneamhspleáchas i bhfeidhm sa chomhthéacs sin. D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas tacú le múinteoirí machnamh a dhéanamh ar an-ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim:

An gcuireann mo phleanáil ceachta cinntí comhoibríocha san áireamh faoi theagasc agus foghlaim lena n-áirítear cinntí faoi fhoghlaim riachtanach, seicheamh na foghlama, an luas ag a bhfoghlaimíonn scoláirí agus na gníomhaíochtaí agus na heispéiris trína bhfoghlaimíonn siad?

An bhfuil soláthar sna heispéiris foghlama atá pleanáilte don idirghníomhaíocht shóisialta agus do chomhoibriú idir scoláirí?

An ndéanann na tascanna atá pleanáilte measúnú ar na torthaí foghlama nó ar na cuspóirí a bhfuil tosaíocht tugtha dóibh thar shraith ceachtanna?

An bhfuil rochtain ag gach scoláire ar na tascanna agus na gníomhaíochtaí foghlama atá pleanáilte, iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta agus breise oideachais acu san áireamh?






**Arna curtha in oiriúint ó Leathanaigh 13 agus 14**

# Cuir chuige foghlama

Tá sé ríthábhachtach, ó thús na scoilbhliana, go gcuirtear réimse leathan eispéireas foghlama gníomhaí ar fáil do gach scoláire. Áirítear:




*Curtha in oiriúint ó leathanaigh 13 agus 14*

- Tosaíocht a thabhairt do cheachtanna praiticiúla le cur ar chumas scoláirí léiriú a thabhairt ar scileanna agus eolas a forbraíodh i dtréimhse na cianfhoghlama
- Eispéiris foghlama a sholáthar bunaithe ar obair bheirte agus obair ghrúpa a thacaíonn le hidirghníomhaíocht agus rannpháirtíocht scoláirí i ndéanamh brí; cuideoidh sé seo le torthaí foghlama/cuspóirí a bhaint amach ar fud an churaclaim, go háirithe i réimsí teanga, matamaitice, an ghnó, na heolaíochta agus na teicneolaíochta agus na healaíona
- Teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú ar bhealach sofhreagrach agus nuálach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú
- Ceistiúchán, tascanna agus comhdhálacha scoláirí-múinteoirí; is cuir chuige praiticiúla agus éifeachtacha don mheasúnú iad seo a chabhróidh le réimsí tosaíochta inar gá foghlaim scoláirí a chur chun cinn a aithint.

# Príomhscileanna

I bhfianaise dhúnadh na scoileanna agus na riachtanais sláinte ábhartha, tá a lán scoileanna tar éis bealaí cruthaitheacha agus nuálacha a ghlacadh cheana féin chun fáiltiú roimh scoláirí na chéad bhliana isteach sa scoil. Má tharla nach raibh deis ag scoláirí na tacaíochtaí a bhíonn ar fáil mar ghnáthnós agus iad bogadh ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil a bheith acu, is cóir tosaíocht a thabhairt do phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí ar nós Mé Féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireachta a Bhainistiú, agus Fanacht Folláin trí chláir ionduchtaithe agus folláine na scoile.


Ag filleadh ar an scoil
Treoir ar fhoghlaim agus ar chláir scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile

**Curtha in oiriúint ó leathanaigh 10**

Mé Féin a Bhainistiú

Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú

Fanacht Folláin




# Mé Féin a Bhainistiú

- Aithne orm féin
- Cinntí ciallmhara a dhéanamh
- Spriocanna pearsanta a shocrú agus a chaint amach
- A bheith in ann athmhachnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin
- Tecineolaíocht dhigiteach a úsaid chun mé fein agus mo chuid foghlama a bhainistiú

Cliceáil nó déan scanadh ar na cóid MF




# Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú

- A bheith fiosrach
- Eolas agus sonraí a bhailiú, a eagrú agus a mheas
- Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil
- Athmhachnamh agus meastóireacht ar mo chuid foghlama
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun ábhar a rochtain, a bhainistiú agus a chomhroinnt

Cliceáil nó déan scanadh ar na cóid MF




# Fanacht Folláin

- A bheith folláin, fisicúil agus gníomhach
- A bheith sóisalta
- A bheith slán
- A bheith spiordálta
- A bheith muiníneach
- A bheith dearfach faoin bhfoghlaim
- A bheith freadrach, slán agus eiticiúil nuair atá teicneolaíocht dhigiteach in úsáid

Cliceáil nó déan scanadh ar na cóid MF


An Roinn Oideachais agus Scileanna

Sonraíocht do Theicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí

Cliceáil anseo do shonraíocht Theicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí




Tá sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí seo a leanas do sheomra ranga Theicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí na Príomhscileanna a fhorbairt -Mé féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú agus Fanacht Folláin. Is iad na múinteoirí atá sa suíomh is fearr leis na gníomhaíochtaí seo a chur in oiriúint do reamhfhoghlaim, comhthéacs áitiúil agus riachtanais a gcuid scoláirí.

Díríonn an tsonraíocht ar thuiscint agus ar scileanna scoláirí a fhorbairt in úsáid agus i dtionchar na dteicneolaíochtaí sa domhan thart orthu. Is trí bhíthin trí shnáithe idircheangailte a bhainfear é sin amach: Prionsabail agus Cleachtais, Fuinneamh agus Rialú agus An Teicneolaíocht agus an tSochaí.

Úsáidtear cur chuige idirdhisciplíneach sa Teicneolaíocht Fheidhmeach a spreagann comhtháthú na dtrí shnáithe i dteagasc agus i bhfoghlaim an ábhair.

Ba cheart baint amach na torthaí foghlama a phleanáil ar bhealach a bhíonn gníomhach agus spreagúil.

*- arna curtha in oiriúint ón tSonraíocht do Theicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí, leathanach 9*



# Theicneolaíocht Fheidhmeach

## Acmhainn 1: Seift saoil

Fócas: Intreoir ar Dhearadh & Príomhscil Mé Féin a Bhainistiú


Bliainghrúpa Molta: An chéad bhliain

**Ag dul i ngleic leis an acmhainn seo:**
Tá hipearnasc chuig acmhainní agus láithreáin ghréasáin a chabhraíonn leat san áireamh ar fud an réimse eispéiris foghlama. Treoróidh na cóid MF ar dheis scoláirí freisin a fhad le Mo Threoir Dhearaidh agus acmhainní dearaidh gaolmhara ó www jct.ie a d'fhéadfadh cabhrú leo freagairt do na gníomhaíochtaí foghlama laistigh den acmhainn seo

# Resource 1: Life hack

Fócas: Intreoir ar Dhearadh & Príomhscil Mé Féin a Bhainistiú
Bliainghrúpa Molta: An chéad bhliain




### Iniúchadh a dhéanamh ar Shnáitheanna agus ar Ghnéithe:

Faightear anseo thíos snáitheanna agus gnéithe féideartha a d'fhéadfaí a iniúchadh do na gníomhaíochtaí molta seo:

**Snáitheanna:**

- Prionsabail agus cleachtais
- Teicneolaíocht agus an tsochaí

**Gnéithe:**

- Anailís agus réiteach fadhbanna
- Dearadh agus nuálaíocht

Agus cinneadh á dhéanamh agat ar thorthaí foghlama, ba chóir duit machnamh a dhéanamh ar chomhthéacs ranga, fócas na foghlama agus na briathra gnímh ar mhaith leat iad a fhorbairt le do chuid scoláirí. Níl sa liosta thuas ach moladh ar na snáitheanna agus ar na gnéithe a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá leagtha amach ina dhiaidh seo.

### Nóta do Mhúinteoirí:

Dearadh an acmhainn seo a leanas chun go mbeadh sí ag teacht leis an tsonraíocht agus leis na torthaí foghlama don Teicneolaíocht Fheidhmeach. Tá moltaí le fáil laistigh den acmhainn ar réimse eispéiris foghlama a d'fhéadfadh a bheith ann, a fhorbraítear thar na trí shnáithe. Is féidir na gníomhaíochtaí molta a úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a leithdháiltear ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus ar thuiscint na scoláirí. Agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim, ba cheart do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthéacs a gcuid scoláirí, maidir le Torthaí Foghlama (TFnna) a roghnú agus na gníomhaíochtaí foghlama is fearr a chabhróidh leis an bhfoghlaim. Sa phleanáil, ba chóir do mhúinteoirí aird a dhíriú freisin ar chásanna ina mb'fhéidir go mbeadh ar scoláirí dul i ngleic le foghlaim sa bhaile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim sa bhaile, d'fhéadfadh sé gur ghá nósanna imeachta measúnaithe agus tuairiscithe a leagan amach in athuair chun an cúinse sin a chur in iúl.

## Réamhrá

Is seift saoil (nó cleas saoil) aon chleas, aicearra, scil, nó modh úr chun tasc a dhéanamh níos éasca agus níos éifeachtaí. Le linn na dianghlasála COVID-19, rinneadh réitigh an-chruthaitheacha a fhorbairt le haghaidh fadhbanna laethúla. Go fiú an saol ar scoil, tá dúshláin nua ag baint leis agus rudaí nua a gcaithfear cuimhneamh orthu. Os a choinne sin, is féidir le deiseanna teacht chun cinn a eagróidh do lá ar bhealach níos fearr.

## Tasc

Tá scoláirí chun fadhbanna ón bhfíorshaol a aithint timpeall orthu ar scoil/sa bhaile. Ansin beidh orthu a gcuid smaointe a cheapadh agus a fhorbairt trí sheiftiú saoil chun fadhbanna san fhíorshaol a réiteach.





*Samplaí de sheifteanna saoil*

## Gníomhaíochtaí féideartha do scoláirí



**1 Pléigh** aon dá cheann de na réitigh seiftiú saoil sa phictiúr thuas. Smaoinigh ar gach fadhb ar leith agus pléigh conas agus cén fáth a réitíonn an tseift saoil an fhadhb. **Déan iniúchadh** ar aon samplaí eile de sheifteanna saoil a d'fhéadfadh a bheith ag scoláirí.



**2 D'fhéadfaí comhoibriú** i seomra ranga ina mbíonn scaradh sóisialta i bhfeidhm a éascú trí úsáid a bhaint as Padlet ranga chun na fadhbanna / smaointe i dtaobh seifteanna saoil go léir a phlé agus a thaifeadadh i spás ar líne.. [Físeán: Conas cianteagasc a dhéanamh le Padlet]



**3 Fiosrú** níos mó a dhéanamh ina n-aonar, ar fhadhb amháin a d'fhéadfaí a réiteach trí sheift saoil a chruthú. D'fhéadfadh scoláire a c(h)uid torthaí a bhailiú agus a chur i láthair i stíl clár tobsmaointe ag úsáid feidhmchláir láithreoireachta.



**4** Is í an **sceitseáil dearaidh** an bealach is fearr chun smaointe a chur in iúl do dhaoine eile agus réitigh ar fhadhbanna a fhorbairt tuilleadh. D'fhéadfadh gach scoláire réitigh fhéideartha a sceitseáil ar fhadhbanna aitheanta. Bheadh an físeán YouTube seo a leanas ina chabhair iontach agat: Sceitseáil: [Ag Smaoineamh go Físiúil]



**5 Fréamhshamhail a dhéanamh** ag úsáid ábhair éagsúla (cárta, páipéar, ábhair athchúrsáilte) chun do réiteach a shamhlú agus é a chur in iúl do dhaoine eile. D'fhéadfaí bogearraí 3T saor in aisce a úsáid freisin amhail [Tinkercad] chun samhail fhíorúil a chruthú.



**6 Taifead agus Machnamh** – Moltar do scoláirí a dturas foghlama a thaifeadadh ó choincheap go réadú, agus machnamh á dhéanamh ar gach céim den phróiseas.

# Straitéisí Seomra Ranga

Moltar cur chuige malartach a dhéanamh i leith na dtascanna ar leathanach 11 agus fócas ar theicneolaíochtaí digiteacha chun feabhas a chur ar an teagasc, an fhoghlaim agus an measúnú. Roghnaíodh na huirlisí seo mar is féidir leo cabhrú le cianfhoghlaim agus foghlaim chumaisc freisin.

*Cliceáil 'lógó' chun amharc ar an suíomh gréasáin*



## 2 Uirlis **Padlet** a mholtar le haghaidh comhoibrithe.

Is uirlis ar líne saor in aisce é Padlet áit ar féidir leat clár poistíní ar líne a chruthú agus iad a roinnt le scoláire nó le múinteoir ar bith.

Cabhróidh an dá nasc físe seo a leanas leat tosú le Padlet:

An buneolas d'Oideachasóirí agus Conas cianteagasc a dhéanamh le Padlet

C: An bhfuil uirlisí digiteacha eile ann a d'fhéadfadh scoláirí a úsáid chun a gcuid smaointeoireachta agus tuisceana a chur in iúl sa ghníomhaíocht seo?



## 3 Uirlis a mholtar chun imscrúdú a dhéanamh – **Wakelet**

Is ardán coimeádaíochta ábhar curaclam saor in aisce é Wakelet. Ligeann Wakelet do scoláirí/múinteoirí acmhainní ilmheán a bhailiú, a eagrú agus a roinnt (téacs, íomhánna, físeáin, podchraoltaí) lena chéile. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Wakelet a úsáid, cliceáil ar an nasc chuig an bhfíseán do thosaitheoirí:

Conas Bailiúchán a chruthú in Wakelet

C: Conas a d'fhéadfadh scoláirí a dtionscadail a eagrú agus a bhainistiú i spás ar líne? An bhfuil ardán malartach ar fáil do scoláirí ar scoil a d'fhéadfadh siad a úsáid mar loga foghlama ar líne?



## 6 Uirlis a mholtar do Thaifead agus Machnamh - **Adobe Spark**

Is uirlis chun cruthaithe é Adobe Spark a ligeann do scoláirí a scéal a insint faoin bpróiseas a ndeachaigh siad tríd chun an fhadhb a réiteach. Is iomaí rogha ann do scoláirí agus míneoidh an réamhfhíseán seo é:

Adobe Spark sa Seomra Ranga: Cruthaigh Físeáin, Grafaicí, agus Scéalta Gréasáin laistigh de Nóiméid

C: Moltar do scoláirí a dturas foghlama a thaifeadadh ó choincheap go réadú, ag machnamh ar gach céim den phróiseas. An bhfuil uirlisí digiteacha eile ann a d'fhéadfadh an scoláire a úsáid chun a gcuid foghlama a thaifeadadh?

# Theicneolaíocht Fheidhmeach



## Acmhainn 2: Áit a mheallann a lán turasóirí a chur chun

Fócas: Scileanna taighde, cumarsáide agus réadaithe & na Príomhscileanna

Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú agus Fanacht Folláin

Bliainghrúpa Molta: An Dara bliain


**Ag dul i ngleic leis an acmhainn seo:**

Tá hipearnasc chuig acmhainní agus láithreáin ghréasáin a chabhraíonn leat san áireamh ar fud an réimse eispéiris foghlama. Treoróidh na cóid MF ar dheis scoláirí freisin a fhad le Mo Threoir Dhearaidh agus acmhainní dearaidh gaolmhara ó www jct.ie a d'fhéadfadh cabhrú leo freagairt do na gníomhaíochtaí foghlama laistigh den acmhainn seo

# Acmhainn 2: Áit a mheallann a lán turasóirí a chur chun

Fócas: Scileanna taighde, cumarsáide agus réadaithe & na Príomhscileanna Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú agus Fanacht Folláin Bliainghrúpa Molta: An Dara bliain




### Iniúchadh a dhéanamh ar Shnáitheanna agus ar Ghnéithe:

Faightear anseo thíos snáitheanna agus gnéithe féideartha a d'fhéadfaí a iniúchadh do na gníomhaíochtaí molta seo:

**Snáitheanna:**

- Prionsabail agus cleachtais
- Teicneolaíocht agus an tsochaí

**Gnéithe:**

- Anailís agus réiteach fadhbanna
- Dearadh agus nuálaíocht

Agus cinneadh á dhéanamh agat ar thorthaí foghlama, ba chóir duit machnamh a dhéanamh ar chomhthéacs ranga, fócas na foghlama agus na briathra gnímh ar mhaith leat iad a fhorbairt le do chuid scoláirí. Níl sa liosta thuas ach moladh ar na snáitheanna agus ar na gnéithe a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá leagtha amach ina dhiaidh seo.

### Nóta do Mhúinteoirí:

Dearadh an acmhainn seo a leanas chun go mbeadh sí ag teacht leis an tsonraíocht agus leis na torthaí foghlama don Teicneolaíocht Fheidhmeach. Tá moltaí le fáil laistigh den acmhainn ar réimse eispéiris foghlama a d'fhéadfadh a bheith ann, a fhorbraítear thar na trí shnáithe. Is féidir na gníomhaíochtaí molta a úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a leithdháiltear ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus ar thuiscint na scoláirí. Agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim, ba cheart do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthéacs a gcuid scoláirí, maidir le Torthaí Foghlama (TFnna) a roghnú agus na gníomhaíochtaí foghlama is fearr a chabhróidh leis an bhfoghlaim. Sa phleanáil, ba chóir do mhúinteoirí aird a dhíriú freisin ar chásanna ina mb'fhéidir go mbeadh ar scoláirí dul i ngleic le foghlaim sa bhaile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim sa bhaile, d'fhéadfadh sé gur ghá nósanna imeachta measúnaithe agus tuairiscithe a leagan amach in athuair chun an cúinse sin a chur in iúl.

**Leathanach 14**

## Réamhrá

Le linn an tsamhraidh seo caite, bhí go leor againn a chuaigh i taithí ar an dordfhocal 'saoire sa bhaile'. Cuireann na focail féin an smaoineamh i do cheann saoire a bheith agat sa cheantar áitiúil seachas dul thar lear. Is féidir le saoire sa bhaile a maireachtáil ar feadh tréimhse ghearr ama nó turais lae a bheith i gceist chuig áiteanna ar díol spéise iad go háitiúil











## Tasc

***Smaoinigh conas a d'fhéadfá áit de do rogha féin a mheallann turasóirí a dhíol le turasóirí féideartha***

## Gníomhaíochtaí féideartha do scoláirí

**❶ Déan Plé agus Iniúchadh** le do rang-ghrúpa faoin rud a chuireann éifeacht le fógra. Cad iad na fógraí a d'fhéadfá a úsáid chun plé a spreagadh?



Smaoinigh ar ár straitéisí taighde chun cabhrú le do chuid scoláirí foghlaim. Déan scanadh nó cliceáil ar an gcód MF thíos chun tuilleadh eolais a fháil.




***Straitéisí taighde ar* [www.jct.ie](www.jct.ie)**

**❷ D'fhéadfaí comhoibriú ar líne** a éascú le Mentimeter chun smaointe agus tuairimí na ngrúpaí ranga a thaifeadadh maidir le Gníomhaíocht 1

.

[Uirlisí Físe don teagasc ar líne]()





**❸ Déan iniúchadh** ar áit sa cheantar a mheallann turasóirí, cruthaigh clár tobsmaointe lán íomhánna a chabhróidh leat an tarraingt atá ag an áit seo a aithint. Cuir agallamh ar threoraí turasóirí chun níos mó eolais a fháil. An bhfuil aon bhealaí eile ann ag do scoláirí chun tuilleadh eolais a fháil?



**❹ Sceitse:** Sceitseálann na scoláirí a smaointeoireacht dearaidh chun an áit ar díol spéise ag turasóirí í a chur chun cinn. An féidir leo smaoineamh ar dhearadh níos fearr fós?

An bhfuil dearadh níos fearr ann ar chóir duit cuimhneamh air?

Obair i bpéirí: An bhféadfadh do chuid scoláirí féachaint ar an obair seo i bhformáid dhigiteach agus measúnú a dhéanamh uirthi trí chritéir ratha aontaithe a úsáid?

## Réamhrá

Le linn an tsamhraidh seo caite, bhí go leor againn a chuaigh i taithí ar an dordfhocal 'saoire sa bhaile'. Cuireann na focail féin an smaoineamh i do cheann saoire a bheith agat sa cheantar áitiúil seachas dul thar lear. Is féidir le saoire sa bhaile a maireachtáil ar feadh tréimhse ghearr ama nó turais lae a bheith i gceist chuig áiteanna ar díol spéise iad go háitiúil






## Tasc

***Smaoinigh conas a d'fhéadfá áit de do rogha féin a mheallann turasóirí a dhíol le turasóirí féideartha***







## Gníomhaíochtaí féideartha do scoláirí

❺ **Cruthaigh fréamhshamhail** (fisiciúil nó digiteach) de do thaispeántas fógraíochta chun níos mó a fhoghlaim faoi cé chomh héifeachtach is atá sé. Bain úsáid as ábhar cárta nó as bogearraí 3T saor in aisce ar nós Fusion 360

Obair ghrúpa ar líne: Meastóireacht a dhéanamh ar réitigh fréamhshamhla. Bheadh ár mbileog meastóireachta shamplach úsáideach chun do bhileog mheastóireachta féin a chumadh don tasc seo.





❻ **Cruthaigh** cur i láthair ilmheán nó póstaer chun an áit a mheallann turasóirí a chur ar an margadh
D'fhéadfadh do chuid scoláirí a bpóstaer féin a chruthú trí chuairt a thabhairt ar www.canva.com nó tríd an gcód MF atá ceangailte a scanadh / a chliceáil.


❼ **Dear agus déan** taispeántas fógraíochta chun do tharraingt turasóireachta a chur chun cinn.
C. An bhfuil bealach ann chun gnéithe leictreonacha nó meicniúla a chur isteach ann?
C. An bhfuil deis ann scileanna nua a léiriú ag baint úsáid as teicneolaíocht dhigiteach?



❽ **Déan Taifead agus Machnamh** ar do chuid smaointeoireachta de réir mar a fhoghlaimíonn tú. D'fhéadfadh na scoláirí iris machnaimh ar líne a úsáid chun a gcuid smaointe a ghabháil agus chun cabhrú leo leis na chéad chéimeanna eile acu.
Tugann 'Mo Threoir Dhearaidh' ceisteanna úsáideacha machnaimh do scoláirí le meabhrú orthu ag céimeanna éagsúla dá dturas foghlama.




### Fan sábháilte sa rang



Gluaiseacht gan ghá a sheachaint



Cinntiú go mbíonn aeráil mhaith

# Theicneolaíocht Fheidhmeach

## Acmhainn 3: Cumarsáid

Fócas: Cumarsáid i dTeicneolaíocht Fheidhmeach & an Phríomhscil Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú

Bliainghrúpa Molta: An Dara bliain



**Ag dul i ngleic leis an acmhainn seo:**
Tá hipearnasc chuig acmhainní agus láithreáin ghréasáin a chabhraíonn leat san áireamh ar fud an réimse eispéiris foghlama. Treoróidh na cóid MF ar dheis scoláirí freisin a fhad le Mo Threoir Dhearaidh agus acmhainní dearaidh gaolmhara ó www jct.ie a d'fhéadfadh cabhrú leo freagairt do na gníomhaíochtaí foghlama laistigh den acmhainn seo




cc BY NC

# Acmhainn 3: Cumarsáid

## Fócas: Cumarsáid i dTeicneolaíocht Fheidhmeach & an Phríomhscil Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú

## Bliainghrúpa Molta: An Dara bliain




### Iniúchadh a dhéanamh ar Shnáitheanna agus ar Ghnéithe:

Faightear anseo thíos snáitheanna agus gnéithe féideartha a d'fhéadfaí a iniúchadh do na gníomhaíochtaí molta seo:

**Snáitheanna:**

- Prionsabail agus cleachtais
- Teicneolaíocht agus an tsochaí

**Gnéithe:**

- Anailís agus réiteach fadhbanna
- Dearadh agus nuálaíocht

Agus cinneadh á dhéanamh agat ar thorthaí foghlama, ba chóir duit machnamh a dhéanamh ar chomhthéacs ranga, fócas na foghlama agus na briathra gnímh ar mhaith leat iad a fhorbairt le do chuid scoláirí. Níl sa liosta thuas ach moladh ar na snáitheanna agus ar na gnéithe a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá leagtha amach ina dhiaidh seo.

### Nóta do Mhúinteoirí:


Dearadh an acmhainn seo a leanas chun go mbeadh sí ag teacht leis an tsonraíocht agus leis na torthaí foghlama don Teicneolaíocht Fheidhmeach. Tá moltaí le fáil laistigh den acmhainn ar réimse eispéiris foghlama a d'fhéadfadh a bheith ann, a fhorbraítear thar na trí shnáithe. Is féidir na gníomhaíochtaí molta a úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a leithdháiltear ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus ar thuiscint na scoláirí. Agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim, ba cheart do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthéacs a gcuid scoláirí, maidir le Torthaí Foghlama (TFnna) a roghnú agus na gníomhaíochtaí foghlama is fearr a chabhróidh leis an bhfoghlaim. Sa phleanáil, ba chóir do mhúinteoirí aird a dhíriú freisin ar chásanna ina mb'fhéidir go mbeadh ar scoláirí dul i ngleic le foghlaim sa bhaile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim sa bhaile, d'fhéadfadh sé gur ghá nósanna imeachta measúnaithe agus tuairiscithe a leagan amach in athuair chun an cúinse sin a chur in iúl.


# Acmhainn 3: Eolas a Chur In Iúl


I saol an lae inniu, tá teacht againn ar raidhse mór faisnéise. Is chun faisnéis theicniúil a chur in iúl go soiléir a dheartar idir tháirgí, sheirbhísí agus spásanna. Baintear úsáid éifeachtach as teicnící simplí chun an t-eolas sin a chur in iúl, mar shampla dath, soilsiú, fuaimeanna, siombailí agus grafaicí.


Tá sé suimiúil agus dúshlánach araon an chaoi a gcuirimid eolas in iúl agus a mbrisimid síos é ionas go dtuigtear go héasca é.
















## Gníomhaíochtaí Tosaigh Féideartha


- Smaoinigh ar gach íomhá thagartha thuas agus déan plé ar an gcaoi a gcuirtear an fhaisnéis in iúl.
- Cruthaigh / Déan Taighde ar thrí cinn de tháirgí agus de sheirbhísí a úsáideann tú agus déan plé ar an dóigh a gcuireann siad eolas in iúl don úsáideoir.
- Déan tuarascáil ghearr dhigiteach chun do chuid smaointeoireachta a chur le chéile.
- Roghnaigh sampla amháin ó do liosta. Conas a d'fhéadfaimis an dearadh seo a fheabhsú ionas gur féidir le níos mó daoine an fhaisnéis a thuiscint?

# Acmhainn 3: Cumarsáid sa Teicneolaíocht Fheidhmeach

Sa Teicneolaíocht Fheidhmeach úsáidtear réimse teicnící chun ár gcuid smaointeoireachta, eolas ar ár gcuid smaointe dearaidh agus an tuiscint atá againn ar an domhan timpeall orainn a chur in iúl. Déantar an t-eolas teicniúil seo go léir a dhearadh ionas go mbeidh sé soiléir agus éasca a thuiscint ag gach úsáideoir. Seo thíos roinnt samplaí den chaoi a gcuirimid faisnéis in iúl sa Teicneolaíocht Fheidhmeach.


## Cumarsáid ag baint úsáid as siombailí.


Úsáidtear siombailí le cur in iúl conas a shreabhann leictreachas trí chomhpháirteanna éagsúla i gciorcad





## Cumarsáid agus líníocht á úsáid

Sa Teicneolaíocht Fheidhmeach is scil thábhachtach chumarsáide í an líníocht. Úsáidtear líníocht theicniúil chun radhairc mhionsonraithe dár smaointe dearaidh nó de tháirge nó spás atá ann cheana féin a léiriú. Is féidir linn sceitseáil saorláimhe a úsáid freisin lenár gcuid smaointeoireachta a chur in iúl de réir mar a fhorbraíonn smaoineamh dearaidh.









## Cumarsáid agus sreabhchairteacha á n-úsáid

Úsáidtear teicnící cosúil le sreabhchairteacha chun gníomhaíocht nó tionscadal a bhriseadh síos i gcéimeanna. Úsáideann sreabhchairt cruthanna agus saigheada chun na céimeanna agus ord na ngníomhaíochtaí a thaispeáint. Is féidir linn sreabhchairt a úsáid freisin letaispeáint conas a ríomhchláraítear gaireas.




Plé Ranga Féideartha:
C. An féidir leat smaoineamh ar níos mó samplaí den chaoi agus den áit a gcuirtear faisnéis in iúl tríd an Teicneolaíocht Fheidhmeach?
C: Conas is féidir leat do chuid torthaí a chur i láthair?

# Acmhainn 3: Cumarsáid sa Teicneolaíocht Fheidhmeach – Téama agus gníomhaíochtaí molta do scoláirí

Tá imeacht á eagrú i do chlub nó i do phobal áitiúil. Tá cuidiú de dhíth ar lucht a eagraithe chun imeacht a dhearadh atá sábháilte do dhaoine bogadh tríd agus ina gcuirtear gach eolas riachtanach in iúl go soiléir dóibh.

## Gníomhaíochtaí Tosaigh Féideartha



- Pléigh liosta ceisteanna ar chóir aird a thabhairt orthu agus d'imeacht roghnaithe á eagrú agat.  Cén t-eolas is gá a chur in iúl?
- D'fhéadfaí cairteacha agus grafaicí a bheith úsáideach chun a gcuid freagraí a chur in iúl.

**C.** An bhfuil straitéisí eile ann a d'úsáid scoláirí chun taighde príomhúil a dhéanamh?



- Taifead agus Machnamh –Tabhair fianaise ar dhul chun cinn do chuid oibre ag céimeanna éagsúla agus úsáid á baint agat as formáidí éagsúla cuir i gcás leagan digiteach nó scríofa.
- Déan machnamh ar na nithe seo a leanas: Cad é a d'fhoghlaim mé faoi chumarsáid? nó cumarsáid a dhéanamh? Cad é a d'fhoghlaim mé faoi fhaisnéis theicniúil a chur in iúl?

**C:** Cad iad na ceisteanna eile a d'fhéadfadh scoláirí a chur orthu féin agus a mheabhrú sa tasc seo?



- Cruthaigh smaoineamh le haghaidh aipe a chabhródh le daoine ticéid a chur in áirithe don imeacht.
- Sceitseáil scáileáin shamplacha den aip agus smaoinigh conas a dhéanfar na céimeanna áirithinte, ord na faisnéise agus na céimeanna cinnidh a léiriú laistigh den aip.

**C.** An bhfuil uirlisí digiteacha eile ann a d'fhéadfadh scoláirí a úsáid chun a gcuid smaointeoireachta a chur in iúl sa ghníomhaíocht seo?

An bhfuil gníomhaíochtaí nó eispéiris eile foghlama ann a d'fhéadfá a úsáid chun tuiscint do chuid scoláirí ar chúrsaí cumarsáide a fhorbairt**?**

**Leid:** D'fhéadfadh na ceisteanna ag Céim na Fionnachtana i Mo Threoir Dhearaidh a bheith úsáideach chun ceisteanna taighde agus imscrúdaithe a cheapadh.

# Acmhainn 3: Cumarsáid sa Teicneolaíocht Fheidhmeach – Téama agus gníomhaíochtaí molta do scoláirí


Tá imeacht á eagrú i do chlub nó i do phobal áitiúil. Tá cuidiú de dhíth ar lucht a eagraithe chun imeacht a dhearadh atá sábháilte do dhaoine bogadh tríd agus ina gcuirtear gach eolas riachtanach in iúl go soiléir dóibh.

## Gníomhaíochtaí Tosaigh Féideartha




- Tarraing léarscáil nó bonnamharc den spás atá ann cheana. Is féidir leat spás / imeacht de do chuid féin a roghnú freisin agus é a dhearadh agus a tharraingt
- Bí cinnte go mbreithníonn tú an scála agus na toisí. Smaoinigh conas a rachaidh daoine isteach, a imeoidh siad agus a bhogfaidh siad thart sa spás

**C:** An bhfuil teicnící eile ann a d'fhéadfadh scoláirí a úsáid chun bonnamharc a chur in iúl dá spás roghnaithe nó dá smaoineamh dearaidh le haghaidh imeacht éigin?



- Cruthaigh treoir nó sreabhchairt chun cabhrú le daoine bogadh tríd an imeacht.
- An féidir leat faisnéis theicniúil agus grafaicí teicniúla a úsáid sa dóigh is go mbeidh an fhaisnéis níos éasca a thuiscint?

**C:** An bhfuil uirlisí digiteacha eile ann a d'fhéadfadh scoláirí a úsáid chun a gcuid smaointeoireachta agus tuisceana a chur in iúl sa ghníomhaíocht seo?



- Dear córas slí isteach a mbeidh ar a chumas an líon daoine a théann isteach agus amach as an imeacht a rianú. Tabhair sonraí faoi aon chomhpháirteanna meicniúla nó rialaithe a úsáidtear i do dhearadh agus mínigh cén fáth ar roghnaigh tú iad a úsáid.
- Cruthaigh fréamhshamhail de do chóras iontrála.

**C:** Cad iad na ceisteanna eile a bhféadfadh scoláirí aird a dhíriú orthu agus an córas iontrála á dhearadh acu?

An bhfuil gníomhaíochtaí nó eispéiris eile foghlama ann a d'fhéadfá a úsáid chun tuiscint do chuid scoláirí ar chúrsaí cumarsáide a fhorbairt?

**Leid:** D'fhéadfadh na ceisteanna ag Céim na Fionnachtana i Mo Threoir Dhearaidh a bheith úsáideach chun ceisteanna taighde agus imscrúdaithe a cheapadh.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Gníomhaíochtaí do **Theicneolaíocht Fheidhmeach** na Sraithe Sóisearaí

Gníomhaíochtaí ranga don seomra ranga ina mbíonn scaradh sóisialta i bhfeidhm don scoilbhliain 2020/2021

Dearadh agus comhthiomsaíodh na hacmhainní seo mar fhreagairt ar 'Filleadh ar scoil - Treoir maidir le cláir foghlama agus scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile' agus díríodh iontu ar Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí: Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú, Mé Féin a Bhainistiú & Fanacht Folláin ón 'gCreat don tSraith Sóisearach 2015'.

Níl sna gníomhaíochtaí seo ach roinnt tascanna féideartha atáthar a mholadh agus a d'fhéadfadh scoláirí a dhéanamh chun tabhairt faoi na Príomhscileanna sin sa seomra ranga Theicneolaíocht Fheidhmeach.

Ón aithne a bhíonn ag múinteoirí ar a gcuid scoláirí agus ar a gcomhthéacs, ba chóir go mbeadh a fhios acu cad iad na gníomhaíochtaí ab fhearr a mheallfadh a gcuid scoláirí.

CC BY NC